An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Miontuairiscí

Dé Máirt 21 Márta 2017

Láthair: Óstán an Clayton, Gaillimh

Dáta/Am: 21 Márta 2017, 11 r.n. - 1.30 i.n.

I Láthair: Dónal Ó hAiniféin (DÓH), Dairíona Nic an Iomaire (DNI), Rita Nic Amhlaoibh (RNA), Aodh Mac Craith (AMC), Cathnia Ó Muircheartaigh (CÓM), Yvonne Ní Mhurchú (YNM), Sinéad Nic Giolla Chainnigh (SNGC), Séamus Ó Fearraigh (SÓF).

Ag Freastal: Muireann Ní Mhóráin (MNM), Pádraig Ó Beaglaoich (PÓB), Treasa Kirk (TK)

Leithscéalta: Elaine Ní Neachtain, Deirbhile Nic Craith, Seán Mac Nia, Robbie Cronin

Fáiltiú:

D'fháiltigh an Cathaoirleach rompu siúd a bhí i láthair agus ghabh sé buíochas leo as a n-iarrachtaí a bheith i láthair, agus chuir sé fáilte speisialta roimh Threasa Kirk (Ceannasaí, An tAonad um Oideachas Gaeltachta) a tháinig chun gearrthuairisc a thabhairt don Bhord ar obair agus dul chun cinn an Aonaid go dáta.

Clár	Cur síos	Gníomh
1. Nuashonrú ón Aonad um Oideachas Gaeltachta	-Rinneadh dréacht den Imlitir a scaipeadh ar chomhaltaí an Bhoird agus thug TK cuntas ar an gcéad chruinniú de Choiste Comhairleach an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta. Tugadh cur síos ar chomhdhéanamh an Aonaid. Míníodh don Bhord a bhfuil le déanamh ag an Aonad maidir le	

	forfheidhmiú an Pholasaí. Beidh an leagan deiridh den imlitir le heisiúint tar éis saoire na Cásca. Eiseofar imlitir eile in Earrach na bliana 2018. -Luadh go mbeadh tábhacht faoi leith ag baint leis na pointí seo a leanas mar chuid den phróiseas forfheidhmithe: • Oiliúint ghairmiúil • Féinmheastóireacht scoile • Seisiúin eolais • Laethanta scaoilte Beidh póstaeir agus pacáistí eolais á ndáileadh ar na scoileanna. Luadh go mbeadh Plean Gníomhaíochta le forbairt ag gach scoil. Próiseas céimneach 5 bliana a bheidh i gceist. • Deimhníodh go mbeadh sé roghnach do scoileanna bheith rannpháirteach nó gan a bheith. • Luadh go raibh an-chuid comhoibrithe ar bun idir an tAonad agus rannóg leithdháilte na múinteoirí. • Deimhníodh go mbeadh na hacmhainní bunaithe ar thorthaí na	

	féinmheastóireachta scoile. D'fhéadfaí plean a chur faoi bhráid na Roinne le comhthéacsanna reatha agus ionchasacha na scoile á gcur san áireamh. • Ardaíodh ceist eile faoi réadúlacht na bpleananna ionchasacha a chur faoi bhráid an Aonaid, ach é sin coinníollach ar acmhainní breise a chur ar fáil. • Luadh go mbeadh an cinneadh deiridh le déanamh ag an Aonad um Oideachas Gaeltachta maidir le scoil a bheith incháilithe/neamhcháilte don phróiseas. Luadh Scéim na gCúntoirí Teanga mar thacaíocht bhreise a bheadh ar fáil maidir le forfheidhmiú an Pholasaí. Tá an scéim le hathbhreithniú go luath le tacaíocht COGG. • Maidir le scoileanna atá ag feidhmiú don mhórchuid trí mheán an Bhéarla: Conas a thabharfar treoir dóibh siúd agus cén chomhairle a dhéanfar a sholáthar do na scoileanna sin? • Ardaíodh roinnt mhaith ceisteanna faoi dheacrachtaí	

	reatha maidir le painéil, próiseas ath-imlonnaithe, soláthar oidí agus caighdeán na Gaeilge. Bhí comhaltaí an Bhoird ar aon intinn go gcaithfí tabhairt faoi na ceisteanna seo go práinneach. Tugadh cur síos ar fhreagrachtaí COGG i ndáil le forfheidhmiú an Pholasaí. Áirítear na heilimintí seo a leanas mar chuid den bhuiséad do 2017: - Forbairt ghairmiúil leanúnach (Múinteoirí, Príomhoidí & Bord Bainistíochta) - Oifigigh Oideachais - Sparánachtaí - Forbairt Líonraí idir Scoileanna/Tairseach • Ardaíodh an cheist faoi sholúbthacht laistigh den bhuiséad féin agus ceist eile faoin bhfigiúr a tiomnaíodh do FGL na bPríomhoidí. - Tá poist le fógairt do bheirt Oifigeach Oideachais an tseachtain seo chugainn. - Tá Comhlaigh le fostú chomh maith agus déanfar na folúntais sin a fhógairt leis. - Luadh an géarghá atá le Feidhmeannach Riaracháin in	

	oifigí COGG. - Luadh go ndéanfar na poist ar fad a fhógairt ag an am céanna. Léiríodh go mbeifí dóchasach na folúntais bheth líonta faoi mhí Lúnasa. - Beidh cruinniú idir COGG, An tAonad um Oideachas Gaeltachta, Gaeloideachas, Údarás na Gaeltachta agus Seosamh Mac Donnacha (OÉ Gaillimh) chun na Comhlaigh agus nithe ábhartha eile a phlé. - Beidh poist mar Chomhlaigh á bhforbairt ag an SFGM.	
2. Miontuairiscí 7 Feabhra 2017	Glacadh le miontuairiscí 7 Feabhra 2017 agus tugadh cead don Chathaoirleach iad a shíniú.	
3. **Nithe ag éirí astu nach bhfuil ar an gclár**	Ag eascairt as na miontuairiscí: Aibhsíodh go raibh litreacha scríofa agus seolta chuig an Roinn maidir le Gaeilge na Sraithe Sóisearaí, ach fós ag feitheamh ar fhreagra uathu. Tá liosta téacsanna (litríocht) le hullmhú do scoileanna. Aithníodh go bhfuil imní ar mhúinteoirí agus ar scoileanna nach mbeidh siad réidh in am chun tabhairt faoi shonraíocht nua. Rinneadh gach iarracht a chur ina luí ar	

	an CNCM gur chóir go mbeadh céatadán níos airde don tasc labhartha. Bhíothas den tuairim níos mó a dhéanamh le deimhniú go ndéanfar an cinneadh seo a aisiompú. Mhothaigh comhaltaí an Bhoird gurbh fhiú litir eile a scríobh ag tabhairt aitheantais don 10% atá ann faoi láthair (TRB -tasc rangbhunaithe), ach nach leor a leithéid i gcomhthéacs na teanga a bheathú/shlánú.	Litir le scríobh ag an Aire Oideachais agus Scileanna an athuair.
4. Tuairisc an Chathaoirligh	Tugadh tuairisc ar Lá Comhairliúcháin COGG na bPríomhoidí Bunscoile maidir leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta. Bhí fiúntas nach mór ag baint le himeachtaí an lae agus gabhadh buíochas leis an bhfoireann ar fad as a gcuid oibre maidir le heagrú na hócáide. Luadh go mba chóir cinneadh a dhéanamh na poist a fhógairt gan mhoill. Bhí gach duine ar aon intinn leis an tuairimíocht sin. Rinneadh trácht ar nádúr na himlitreach (dréacht) maidir leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta. Áitíodh ar chomhaltaí an Bhoird a dtuairimí a nochtadh maidir le haischothú a sholáthar don Aonad sula ndéanfaí an leagan deiridh den imlitir a sheoladh chun bealaigh.	Poist le fógairt gan mhoill Aischothú le soláthar don Aonad ag comhaltaí an Bhoird trí ríomhphost a sheoladh chuig an Aonad.

	Ardaíodh ceisteanna an athuair faoin bpainéil agus coinníollacha teanga maidir le hearcú múinteoirí bunscoile. Ábhar buartha do chách ná go bhféadfadh múinteoir a c(h)earta painéil a chailliúint dá ndiúltóidís post. Luadh freisin go bhfuil an painéal an-chúng mar atá i láthair na huaire.	An scéal le fiosrú níos faide leis an INTO, CPSMA srl.
5. **Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh**	**Scéimeanna Maoinithe** Tugadh forléargas ar na hiarratais a tháinig isteach maidir leis na scéimeanna maoinithe. 50 iarratas – Maoiniú áiseanna 22 iarratas – Maoiniú taighde -Tá léirithe spéise curtha in iúl chomh maith maidir le hathbhreithniú ar Scéim na gCúntóiri Teanga. **Gníomhaíochtaí Reatha** Tugadh tuairisc do chomhaltaí an Bhoird ar ghníomhaíochtaí reatha COGG lena n-áirítear: • Scéimeanna maoinithe • Sparánchtaí taighde • Sparánachtaí Gaeltachta • Cruinnithe comhairliúcháin (Polasaí don Oideachas Gaeltachta)	Painéil neamhspleácha le bunú chun measúnú a dhéanamh ar na hiarratais. Tá painéal bunscoile agus iar-bhunscoile le socrú.

	• Ceardlann do Mhúinteoirí Gairmthreorach • Sonraíocht Gaeilge na Sraithe Sóisearaí • Cúrsaí samhraidh • Taighde Gaeilge na hArdteiste **Sparánachtaí Gaeltachta** Moladh go dtreorófaí airgead chuig an M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge do mhúinteoirí reatha sna Gaeltachtaí. **Cúrsaí samhraidh** Reachtálfar na cúrsaí seo a leanas: • Cúrsa Gaeilge do Chúntóirí Riachtanas Speisialta (bunscoil agus iar-bhunscoil) i mBÁC. • Cúrsa(í) dírithe ar Shéideán Sí i mBÁC. • Cúrsa(í) ceannaireachta (cónaitheach) in Áth Luain ceangailte leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta. • Reáchtáilfear Dianchúrsa COGG do mhúinteoirí iar-bhunscoile i gColáiste Chnoc na Labhras FCJ i gCathair Luimnigh idir 14-18 Lúnasa. Luadh gur chóir oiliúint a chur ar bhaill foirne na SFGM maidir leis an gcúrsa	Aontaíodh deontas do mhic léinn an chúrsa sa chás gur múinteoirí reatha Gaeltachta iad. Scagadh le déanamh ar na hiarratais le deimhniú go bhfuilid ag teacht ó scoileanna Gaeltachta. Bheadh athbhreithniú le déanamh ar na hiarratais ina dhiaidh sin. Scéala le cur chuig scoileanna agus múinteoirí. Eolas le craobhscaoileadh ar na meáin shóisialta agus trí ríomhphoist.

	Séideán Sí. **Taighde Gaeilge na hArdteiste** Tugadh gearrchuntas ar an dul chun cinn atá déanta. **Aon Ghnó Eile** Moladh go gcuirfí córas meantóireachta ar bun leis an Lárionad Ceannaireachta Scoile (LCS) do Phíomhoidí Gaeltachta ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile. Ardaíodh ceist faoin gcomhairliúchán leis an bpobal maidir leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta agus an nasc idir sin agus plean teanga na háite.	Deiseanna comhoibrithe leis an SFGM agus JCT le fiosrú. Litir le seoladh/teaghmáil le déanamh leis an LCS. Fiosrú le déanamh ar an mbealach is fearr chun tabhairt faoin gceist seo.
6. Dáta do chéad chruinniú eile	Socraíodh na dátaí seo a leanas: Dé Máirt, 16 Bealtaine 2017 @ 11rn	Seomra cruinnithe agus lón a chur in áirithe in Institiúid Oideachais Marino.

Síniú an Chathaoirligh:

_____ Dáta: _____

Dónal Ó hAiniféin